# Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh



children's RIGHTS ALLIANCE

Nóta: Tá an Réamhrá agus Airteagail 1-54 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh sa leabhrán seo ar. Cuimsíonn an Réamhrá agus na hAirteagail Iarscríbhinn I de théacs an Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe. Níl téacs Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III sa leabhrán seo. Liostaíonn Iarscríbhinn II na stáit sin a shínigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, chomh maith le dáta an tsínithe, daingnithe/aontachais agus an dáta ar tháinig sé i bhfeidhm laistigh de gach stát. Cuireann Iarscríbhinn III treoirlínte ar fáil do na stáit (ar a dtugtar 'Páirtithe de chuid an Stáit' freisin) ar an bhfoirm mar aon le hábhar Tuarascáil an Stáit do Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh.

---

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh © na Náisiún Aontaithe, Meitheamh 2010. Macasamhlaithe le caoinchead.

Leabhrán leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí é seo.

ISBN 0-9553005-4-1
978-0-9553005-4-7

Comhghuaillíocht de os cionn 90 eagraíocht neamhrialtasach (ENR) is ea Comhaontas Cearta Leanaí atá ag obair chun cearta agus riachtanais leanaí in Éirinn a áirithiú, trí stocaireacht a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm iomlán Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Féachann sé le feabhas a chur ar shaol gach linbh faoi 18, trí na hathrúithe is gá i ndlíthe, i bpolasaithe agus i seirbhísí na hÉireann a áirithiú.

Tá an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí Cómhaoinithe ag na Atlantic Philanthropies, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an One Foundation.

**An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí**
4 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2, Éire
Teil: +353 1 662 9400
Ríomhphost: info@childrensrights.ie
Gréasán: www.childrensrights.ie

children's RIGHTS ALLIANCE

# Clár Ábhair


| | leathanach |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Réamhrá | 5 |
| Cuid I | 7 |
| Cuid II | 38 |
| Cuid III | 44 |




# Réamhrá

*Atáirgeann an leabhrán seo de chuid Chomhghuaillíocht Chearta na Leanaí téacs iomlán Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989), i nGaeilge agus i mBéarla, do leanaí agus do dhaoine óga na hÉireann agus dóibh siúd atá freagrach as a gcuid cearta agus riachtanas a áirithiú.*

## Cad is Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ann?

Comhaontú cuimsitheach is ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar chearta na bpáistí, atá ina cheangal go hidirnáisiúnta agus ar ghlac Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis i 1989. Is é an conradh chearta daonna is forleithne daingnithe sa stair é: tá sé daingnithe ag gach tír cé is moite de na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus den tSomáil.

Nuair a dhaingníonn tíortha conradh nó coinbhinsiúin idirnáisiúnta, mar shampla Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, téann siad isteach i gcomhaontú ceangailteach chun a chuid forálacha agus oibleagáidí a chomhlíonadh. Shínigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar 30 Meán Fómhair 1990, agus dhaingnigh siad é ar 28 Meán Fómhair 1992. Ciallaíonn sé seo gur gheall Stát na hÉireann cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sa Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe.

Sainmhínítear leanbh sa Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe mar dhuine atá faoi bhun aois 18 mbliana. Sainaithníonn an Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an teaghlach mar bhunaonad na sochaí. Cuireann sé béim ar ról na dtuismitheoirí mar na príomhchúramóirí le freagracht as a gcuid leanaí a thógáil agus cuireann sé dualgas ar rialtais tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus a ról ríthábhachtach á chomhlíonadh acu.



## Prionsabail Ghinearálta Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe

Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh tar éis glacadh le cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch maidir le cearta leanaí. In ionstraimí eile chearta daonna, pléadh le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ar leithligh ó chearta sibhialta agus polaitiúla, ach sa Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, tugtar le chéile iad go léir ar bhealach nuálach. Feictear go bhfuil na cearta go léir riachtanach ar mhaithe le forbairt iomlán comhchuí phearsantacht an linbh agus dúchasach do dhínit an linbh. Ní rangaítear na cearta difriúla in ord tábhachta; ach idirghníomhaionn siad lena chéile chun codanna dinimiciúla d'aonad comhtháite a fhoirmiú. É sin ráite, tugtar béim ar leith do cheithre airteagal, ar a dtugtar 'prionsabail ghinearálta', toisc go meastar iad a bheith bunúsach do chur i bhfeidhm na gcearta go léir eile atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe.

### Is iad na ceithre phrionsabal ginearálta ná:

- go gcaithfidh na cearta a ráthaíonn an Coinbhinsiún a bheith ar fáil do gach leanbh gan idirdhealú de chineál ar bith (Airteagal 2);
- go gcaithfear tús áite a thabhairt do leasanna is fearr an linbh i ngach gníomh a bhaineann le leanaí (Airteagal 3);
- go bhfuil ceart na beatha, na maireachtála agus na forbartha ag gach leanbh (Airteagal 6); agus
- nach mór cuimhneamh ar dhearcadh an pháiste agus é a chur san áireamh i ngach rud a bhaineann leis nó léi (Airteagal 12).

## Éire agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe

Chun cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, déanann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh próiseas athbhreithnithne agus monatóireachta gach cúig bliana le gach tír a dhaingníonn é. Go dtí seo, tá scrúdú déanta ag an gCoiste ar fheidhmíocht na hÉireann ar dhá ócáid, i 1998 agus i 2006. Tar éis gach scrúdaithe, eisíonn Coiste na Náisiún Aontaithe sraith tráchtanna agus moltaí (ar a dtugtar 'Tuairimí Deiridh') a chuireann léarscáil ar fáil don Stát ar na gníomhartha a chaithfidh sé a ghlacadh chun cearta leanaí a chur i gcrích.

Ó daingníodh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i 1992, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn agus í ag cur cearta leanaí i gcrích agus ag freastal ar a cuid riachtanas. Áirítear leis an dul chun cinn atá déanta foilsiú na Straitéise Náisiúnta Leanaí (2000); Coiste Comhairleach Náisiúnta Leanaí (2001) a bhunú; an chéad Ombudsman do Leanaí (2004) a cheapadh; agus rannpháirtíocht leanaí agus meicníochtaí comhairliúcháin a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear Dáil na nÓg (parlaimint na n-óg) agus Comhairle na nÓg (comhairlí áitiúla na n-óg); agus leasuithe reachtacha ar chóras ceartas an aosa óig, trí Acht na Leanaí 2001.

Lárnach sa dul chun cinn seo bhí bunú na hOifige Náisiúnta Leanaí i 2001. Cuireadh leis an oifig seo i 2005 agus leathnaíodh a sainchúram a thuilleadh i 2008 chun Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a fhoirmiú. Tá an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige (a fhreastalaíonn ar na cruinnithe Comh-aireachta go léir) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Leanaí agus as polasaí an Rialtais maidir le leanaí a chomhordú.


Mar sin féin, táimid ag snámh in éadan an tsrutha agus sinn ag iarraidh cearta leanaí a chur i gcrích. Go mion minic, bímid ag úsáid cur chuige leasbhunaithe ar shaincheisteanna leanaí seachas cur chuige atá bunaithe ar chearta, mar is gá de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe. Bímid ag forbairt dea-pholasaithe le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí, ach teiptear orainn i gcónaí maidir leis na gealltanais seo a chomhlíonadh, go háirithe i réimse chosaint agus chúraim leanaí.

Ina theannta sin, tá bac ar chur i bhfeidhm iomlán an Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithein Éirinn de dheasca nár tugadh prionsabail agus forálacha an Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe isteach inár ndlí intíre fós. Tá cearta leanaí beagnach dofheicthe laistigh dár mBunreacht. I mí Feabhra 2010, tháinig an Comhchoiste um an Leasú Bunreachta maidir le Leanaí ar chomhdhearcadh uilepháirtí maidir le foclaíocht bheartaithe do leasú ar an mBunreacht d'fhonn cearta leanaí a neartú. Tá gach páirtí polaitiúil tiomanta do reifreann a reáchtáil. Is é an chéad chéim ríthábhachtach eile  ná reifreann ar chearta leanaí a rith  chun a áirithiú, i measc rudaí eile, gurb é leas is fearr an linbh an príomhrud le cur san áireamh i ngach gníomh a bhaineann le leanaí.

Tá bealach fada fós le dul ag Éirinn ar a turas,  chun go  mbeidh  Éire ar cheann de na háiteanna is fearr sa domhan le bheith i do leanbh inti. Tá súil againn go mbeidh tú ag obair linn chun fís na hóige, atá leagtha amach i leathanaigh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus sa leabhrán seo, a chur i gcrích.

**Chun níos mó a fhoghlaim, téigh chuig:**
**www.childrensrights.ie**






# Réamhrá

*Tá na Stát-Pháirtithe don Choinbhinsiún seo,*

I bhfianaise i gcomhréir leis na prionsabail atá fógraithe i gCairt na Náisiún Aontaithe, gurb í aithint dínite dúchasaí agus chearta comhionanna doshannta an uile dhuine den chine daonna is foras don tsaoirse, don cheartas agus don tsíocháin ar domhan,

Ag tabhairt chun cuimhne go bhfuil pobail na Náisiún Aontaithe, sa Chairt, tar éis dearbhú athuair go gcreideann siad i gcearta bunúsacha an duine, i ndínit agus i bhfiúntas an duine daonna agus gur chinneadar tacú leis an dul chun cinn sóisialach agus réim maireachtana níos fearr a thabhairt i gcrích faoi shaoirse níos fairsinge,

Ag aithint go bhfuil na Náisiúin Aontaithe, sa Dearbhú Uile-choiteann um Chearta an Duine agus sna Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, tar éis a fhógairt agus a chomhaontú go bhfuil teideal ag gach uile dhuine chun na cearta agus na saoirsí go léir atá leagtha amach iontu, gan idirdhealú d'aon sórt, go háirithe maidir le cine, dath, gnéas, teanga, creideamh, tuairim pholaitíochta nó tuairim eile, bunadh náisiúnta nó sóisialach, maoin, breith nó stádas eile,

Ag tabhairt chun cuimhne go bhfuil na Náisiúin Aontaithe, sa Dearbhú Uile-choiteann um Chearta an Duine, tar éis a fhógairt go bhfuil aire agus cúnamh speisialta dlite do leanaí,

Agus muid dearfa de gur gá don teaghlach, mar an grúpa bunaidh sa tsochaí agus an timpeallacht nádúrtha d'fhás agus do leas na ndaoine a bhaineann leis agus go háirithe leanaí, an chosaint agus an cúnamh atá riachtanach dó a fháil ionas gur féidir leis glacadh go hiomlán leis na cúraim atá air laistigh den phobal,

Ag aithint gur chóir don leanbh, ar mhaithe le forbairt iomlán agus chomhchuí

a phearsanachta nó apearsanachta, fás suas i dtimpeallacht an teaghlaigh, in atmaisféar atá sona, grámhar agus tuisceanach,

I bhfianaise gur chóir don leanbh a bheith ullmhaithe go hiomlán le saol mar dhuine ar leith a chaitheamh sa tsochaí, agus a bheith tógtha i spiorad na n-idéal atá fógraithe i gCairt na Náisiún Aontaithe, agus go háirithe spiorad na síochána, na maorgachta, na caoinfhulaingthe, na saoirse, an chomhionannais agus an bhráithreachais,

Ag cur san áireamh go bhfuil an gá atá le cúram faoi leith a thabhairt don leanbh dearbhaithe i nDearbhú na Ginéive um Chearta an Linbh, 1924, agus sa Dearbhú um Chearta an Linbh ar ghlac an Comhthionól Ginearálta leis an 20 Samhain 1959 agus go bhfuil aitheantas tugtha dó sa Dearbhú Uile-choiteann um Chearta an Duine, sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (go háirithe in airteagail 23 agus 24), sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir (go háirithe in airteagail 10) agus i reachta agus ionstraimí ábharthacha sainghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag déileáil le cúram leanaí,

Ag cur san áireamh, mar atá ráite sa Dearbhú um Chearta an Linbh, "de bharr a anabaíocht fhisiciúil agus meabhrach, tá cosaint agus aire ar leith de dhíth ar an leanbh, lena n-áirítear cosaint dlí cuí, roimh a bhreith agus dá héis",

Ag tabhairt chun cuimhne forálacha na nDearbhuithe ar Phrionsabail Sóisialacha agus Dlí i dtaca le Cosaint agus Cúram Leanaí, go hÁirithe i gCás Shocrú in Altramas agus Uchtú, go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta; Bunrialacha na Náisiún Aontaithe do Riaradh Ceartas Sóisearach (Rialacha Beijing); agus an Dearbhú ar Chosaint Ban agus Leanaí in Éigeandáil agus i gCoimhlint Armtha,

Ag aithint go bhfuil, i ngach tír faoin domhan, leanaí ag maireachtáil i gcúinsí atá fíorchrua, agus gur gá cás ar leith a dhéanamh de na leanaí sin,

Ag tabhairt aird chuí ar thábhacht traidisiún agus luachanna cultúir gach dreama do chosaint agus d'fhorbairt chomhchuí an linbh,

Ag aithint na tábhachta atá le comhoibriú idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála leanaí i ngach tír, go háirithe i dtíortha atá ag forbairt,

*Tar éis aontú ar an méid seo a leanas:*

# Cuid I

## Arteagail 1 - 41:

| | |
|---|---|
| Airteagal 1: | Sainmhíniú ar leanbh |
| Airteagal 2: | Neamh-idirdhealú |
| Airteagal 3: | Leasanna is fearr an linbh |
| Airteagal 4: | Cur i bhfeidhm na gceart |
| Airteagal 5: | Treoir do Thuismitheoirí agus cumais an linbh atá i mbun forbartha |
| Airteagal 6: | Marthanas agus forbairt |
| Airteagal 7: | Ainm agus náisiúntacht |
| Airteagal 8: | Caomhnú céannachta |
| Airteagal 9: | Scaradh ó thuismitheoirí |
| Airteagal 10: | Teaghlaigh a athaontú |
| Airteagal 11: | Aistriú aindleathach agus neamh-ais |
| Airteagal 12: | Tuairim an linbh |
| Airteagal 13: | Saoirse tuairimí a nochtadh |
| Airteagal 14: | Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin |



| | |
|---|---|
| Airteagal 15: | Saoirse comhlachais |
| Airteagal 16: | Cosaint na príobháideachta |
| Airteagal 17: | Rochtain ar fhaisnéis iomchuí |
| Airteagal 18: | Freagrachtaí na dTuismitheoirí |
| Airteagal 19: | Cosaint ó dhrochíde agus faillí |
| Airteagal 20: | Cosaint leanaí gan teaghlaigh |
| Airteagal 21: | Uchtú |
| Airteagal 22: | Leanaí ar dídeanaithe iad |
| Airteagal 23: | Leanaí le míchumas |
| Airteagal 24: | Sláinte agus seirbhísí sláinte |
| Airteagal 25: | Athbhreithniú tréimhsiúil ar shocrúchán |
| Airteagal 26: | Slándáil shóisialta |
| Airteagal 27: | Caighdeán maireachtála |
| Airteagal 28: | Oideachas |
| Airteagal 29: | Aidhmeanna an oideachais |
| Airteagal 30: | Leanaí de chuid mionlach nó daoine dúchasacha |
| Airteagal 31: | Fóillíocht, áineas agus gníomhaíochtaí cultúrtha |
| Airteagal 32: | Fostú leanaí |
| Airteagal 33: | Mí-úsáid drugaí |
| Airteagal 34: | Dúshaothrú gnéasach |
| Airteagal 35: | Díol, gáinneáil agus fuadach |
| Airteagal 36: | Saghasanna eile dúshaothraithe |
| Airteagal 37: | Céasadh agus díothacht saoirse |
| Airteagal 38: | Coinbhleachtaí armtha |
| Airteagal 39: | Cúram athshlánaithe |
| Airteagal 40: | Dlí agus ceart d'ógánaigh a riar |
| Airteagal 41: | Urraim do na caighdeáin atá ann cheana |

# Airteagal 1 - Sainmhíniú ar leanbh

Chun críche an Choinbhinsiún seo, is é is brí le leanbh gach duine daonna atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, ach amháin sa chás go dtagtar in aois níos luaithe ná sin de réir an dlí a bhaineann leis an leanbh.

# Airteagal 2 - Neamh-idirdhealú

1 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe aird ar agus cinnteoidh siad na cearta atá curtha síos sa Choinbhinsiún seo do gach leanbh atá faoina ndlínse gan leatrom d'aon chineál a dhéanamh maidir le cine, dath, gnéas, teanga, creideamh, tuairim pholaitíochta nó tuairim eile, bunadh náisiúnta, eitneach nó sóisialach, maoin, míchumas, breith nó stádas eile an linbh nó a thuismitheoirí nó a chaomhnóra dhleathaigh.

2 Glacfaidh Stát-Pháirtithe gach beart cuí atá de dhíth lena chinntiú go bhfuil cosaint ag an leanbh ar gach cineál leatroma agus pionóis de bharr stádais, gníomhaíochtaí, tuairimí atá curtha in iúl, nó dearbhuithe thuismitheoirí an linbh, chaomhnóirí dleathacha an linbh, nó daoine i dteaghlach an linbh.



## Airteagal 3 - Leasanna is fearr an linbh

1 I ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí, cibé á reáchtaíl ag institiúidí leasa shóisialaigh poiblí nó príobháideacha, ag cúirteanna dlí, ag údaráis riaracháin nó ag dreamanna reachtúla, tabharfar tosaíocht do leas an linbh.

2 Dearbhaíonn Stát-Pháirtithe go gcinnteoidh siad go mbeidh an chosaint agus an aire ar fáil do leanaí atá de dhíth dá leas, ag cur san áireamh cearta agus dualgais a dtuismitheoirí, na gcaomhnóirí dleathacha, nó daoine eile atá freagrach astu de réir dlí, agus chuige seo go nglacfaidh siad na céimeanna reachtúla agus riaracháin cuí.

3 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go gcloífidh na hinstitiúidí, na seirbhísí agus na háiseanna a bhfuil freagracht orthu aire agus cosaint a thabhairt do leanaí leis na caighdeáin atá leagtha síos ag údaráis chuí, go háirithe mar a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, líon agus oiriúnacht a bhfoirne, agus maoirseacht shásúil.

## Airteagal 4 - Cur i bhfeidhm na gceart

Dearbhaíonn Stát-Pháirtithe go nglacfaidh siad na céimeanna reachtaíochta agus riaracháin cuí, agus aon chéimeanna cuí eile atá de dhíth chun feidhm a thabhairt do na cearta a aithnítear sa Choinbhinsiún seo. I dtaca le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna sin chomh fada agus is féidir leo laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dóibh agus, nuair is gá, laistigh den chreat do chomhoibriú idirnáisiúnta.



"Dearbhaíonn Stát-Pháirtithe go nglacfaidh siad na céimeanna reachtaíochta agus riaracháin cuí, agus aon chéimeanna cuí eile atá de dhíth chun feidhm a thabhairt do na cearta a aithnítear sa Choinbhinsiún seo. ..."
(Airteagal 4)

# Airteagal 5 - Treoir do Thuismitheoirí agus cumais an linbh atá i mbun forbartha

Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do fhreagrachtaí, do chearta agus do dhualgais tuismitheoirí, nó, nuair is cuí, do chearta agus do dhualgais na ndaoine sa mhórtheaghlach nó sa phobal arna socrú ag nósanna áitiúla, nó do chearta agus do dhualgais chaomhnóirí dleathacha nó daoine eile atá freagrach as an leanbh de réir dlí, soláthar a dhéanamh, ar bhealach atá i gcomhréir le forás an linbh, chun treoir agus comhairle oiriúnach a chur ar fáil don leanbh agus é nó í ag baint tairbhe as na cearta a aithnítear sa Choinbhinsiún seo.

# Airteagal 6 - Marthanas agus forbairt

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe go bhfuil ceart bunúsach ag gach leanbh chun a bheatha.

2 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe chomh fada agus is féidir leo ar chor ar bith go mairfidh agus go dtiocfaidh forbairt ar an leanbh.

# Airteagal 7 - Ainm agus náisiúntacht

1 Clárófar leanaí láithreach tar éis a mbreithe agus beidh sé de cheart acu ón am a mbeirtear iad ainm a bheith orthu agus a náisiúntacht a shealbhú agus chomh fada agus is féidir, beidh an ceart acu aithne a bheith acu ar a dtuismitheoirí agus a bheith faoina gcúram.

2 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go dtabharfar feidhm do na cearta seo i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta agus lena ndualgais faoi na hionstraimí idirnáisíunta cuí a bhaineann leis na réimsí seo, go háirithe i gcásanna ina mbeidh leanbh fágtha gan stát nuair nach mbeadh feidhm ag na cearta seo.

## Airteagal 8 - Caomhnú céannachta

1 Dearbhaíonn Stát-Pháirtithe go dtabharfaidh siad urraim do cheart an linbh a gcéannacht a chumhdach, lena n-áirítear a náisiúntacht, a n-ainm agus a ngaolta teaghlaigh mar a aithnítear iad faoin dlí agus gan cur isteach orthu go neamhdhleathach.

2 Sa chás go mbaintear cuid dá ngnéithe céannachta de leanaí nó go mbaintear iad ar fad díobh, cuirfidh Stát-Pháirtithe tacaíocht agus cosaint chuí ar fáil, leis an aidhm go dtabharfar ar ais a gcéannacht dóibh go tapa.

## Airteagal 9 - Scaradh ó thuismitheoirí

1 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe nach scarfar leanaí óna dtuismitheoirí in aghaidh a dtola, ach amháin nuair a shocraíonn údaráis inniúla atá faoi chuing athbhreithniú dlíthiúil, i gcomhréir le dlíthe agus le próisis chuí, go bhfuil an scarúint sin riachtanach ar mhaithe le leas an linbh. D'fhéadfadh socrú mar seo a bheidh riachtanach i gcás ar leith ar nós chás ina mbeadh leanbh ag fulaingt de bharr dhrochíde nó faillí na dtuismitheoirí, nó i gcás ina bhfuil na tuismitheoirí ag cónaí in áiteanna difriúla agus gur gá cinneadh a dhéanamh faoin áit a mbeidh cónaí ar an leanbh.

2 In aon chás a ghlacfar faoi réir alt 1 den airteagal seo, tabharfar deis do na páirtithe leasmhara ar fad a bheith rannpháirteach sna himeachtaí agus a gcuid tuairimí a chur i láthair.

3 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do cheart an linbh atá scartha ó thuismitheoir amháin nó ón mbeirt tuismitheoirí caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choimeád leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta, ach amháin nuair a bheidh sé seo contrártha le leas an linbh.

4 Nuair a tharlaíonn scarúint den chineál seo de bharr gnímh a thionscnaíonn Stát-Pháirtí, mar dhuine de na tuismitheoirí nó an bheirt tuismitheoirí nó an leanbh féin a bheith i ngéibhinn, i bpríosún, ar ionnarbadh, díbeartha as an tír nó tar éis bás a fháil (lena n-áirítear bás a tharlaíonn de bharr cibé cúis nuair atá an duine faoi choinneáil ag an Stát), soláthróidh Stát-Pháirtí do na tuismitheoirí, don leanbh, nó más cuí, do dhuine eile den teaghlach, ar iarratas, an t-eolas riachtanach maidir leis an áit a bhfuil fáil ar an duine nó ar na daoine ón teaghlach atá ar iarraidh, ach amháin sa chás go mbeadh an t-eolas seo díobhálach do leas an linbh. Cinnteoidh Stát-Pháirtithe, ina theannta sin, nach dtarraingeoidh iarratas den chineál sin, ann féin, iarmhairtí díobhálacha ar an duine nó ar na daoine atá i gceist.

# Airteagal 10 -Teaghlaigh a athaontú

1 I gcomhréir leis an dualgas atá ar Stát-Pháirtithe faoi Airteagal 9, alt 1, déileálfaidh Stát-Pháirtithe ar bhealach dearfach agus daonna agus go tapa le hiarratais ó leanaí nó óna dtuismitheoirí ar an Stát-Pháirtí a fhágáil nó ar a theacht isteach sa Stát-Pháirtí ar mhaithe le hathaontú an teaghlaigh. Cinnteoidh Stát-Pháirtithe, ina theannta sin, nach dtarraingeoidh iarratas den chineál sin, ann féin, iarmhairtí díobhálacha ar na hiarrthóirí ná ar na daoine eile ina dteaghlach.

2 Beidh sé de cheart ag leanaí a bhfuil cónaí ar a dtuismitheoirí i Stáit éagsúla caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí ach amháin nuair a bhíonn imthosca eisceachtúla i gceist. Chuige seo agus i gcomhréir leis an dualgas atá ar Stát-Pháirtithe faoi airteagal 9, alt 1, tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do cheart leanaí agus a dtuismitheoirí aon tír a fhágáil, lena n-áirítear a dtír féin, agus dul isteach ina dtír féin. Ní bheidh aon srian ar an gceart chun aon tír a fhágáil ach amháin de réir mar atá leagtha síos de réir dlí agus atá riachtanach chun an tslándáil náisiúnta, an tsíocháin phoiblí, an tsláinte agus an mhoráltacht phoiblí agus cearta agus saoirse daoine eile a chosaint agus atá igcomhréir leis na cearta eile atá aitheanta sa Choinbhinsiún seo.

# Airteagal 11 - Aistriú aindleathach agus neamh-ais

1 Glacfaidh Stát-Pháirtithe céimeanna chun dul i ngleic le haistriú aindleathach agus neamhfhilleadh leanaí thar lear.

2 Chuige seo, cuirfidh Stát-Pháirtithe chun cinn socruithe i dtaca le comhaontuithe déphháirtí agus ilpháirtí a dhéanamh nó a bheith mar pháirtithe do chomhaontuithe atá ann cheana féin.

# Airteagal 12 - Tuairim an linbh

1 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go mbeidh fáil ag an leanbh ag a bhfuil an cumas a chuid tuairimí féin nó a cuid tuairimí féin a mhúnlú ar an gceart na tuairimí sin a chur i láthair go hoscailte i ngach gné a bhaineann leis an leanbh, le haird chuí á thabhairt ar thuairimí an linbh i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh.

2 Chuige seo, ach go háirithe, tabharfar éisteacht don leanbh in aon imeachtaí dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann leis an leanbh, go díreach nó trí ionadaí nó trí eagraíocht chuí, ar bhealach atá i gcomhréir le rialacha imeachta an dlí náisiúnta.

# Airteagal 13 - Saoirse tuairimí a nochtadh

1 Beidh saoirse ag leanaí a dtuairimí a nochtadh, mar cheart; áireofar sa cheart seo an tsaoirse chun eolas agus smaointe de gach cineál a lorg, a fháil agus a dháileadh, beag beann ar theorainneacha, ó bhéal, i scríbhinn nó i gcló, i bhfoirm ealaíne, nó trí aon mheán eile a roghnaíonn an leanbh.

2 Is féidir le feidhmiú an chirt seo a bheith faoi réir ag srianta áirithe, ach beidh siad sin mar atá leagtha síos de réir dlí agus mar atá riachtanach:

(a) Chun urraim a chinntiú do chearta nó do chlú daoine eile; nó

(b) Chun cosaint a thabhairt do shlándáil náisiúnta nó don tsíoch※áin phoiblí nó do shláinte agus do mhoráltacht phoiblí.

# Airteagal 14 - Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin

1 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do cheart leanaí i dtaca le saoirse machnaimh, coinsiasa agus creidimh.

2 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do chearta agus do dhualgais tuismitheoirí agus, nuair is cuí, do chearta agus do dhualgais caomnóirí dleathacha, chun treoir a sholáthar do leanaí i gcleachtadh a gcearta ar bhealach atá i gcomhréir le forás an linbh.

3 Ní bheidh an tsaoirse chun reiligiún nó creidimh duine a nochtadh faoi réir ag aon srianta ach amháin na srianta sin atá leagtha síos de réir dlí agus atá riachtanach chun cosaint a thabhairt don tsábháilteacht, don tsíocháin, agus do shláinte nó do mhoráltacht phoiblí, nó chun cearta bunúsacha agus saoirsí daoine eile a chosaint.

# Airteagal 15 - Saoirse comhlachais

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe na cearta atá ag leanaí comhluadar a roghnú agus tionól le chéile go síochánta.

2 Ní ceadmhach aon srian a chur ar fheidhmiú na gceart seo ach amháin na srianta a leagtar síos i gcomhréir leis an dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach ar mhaithe le slándáil náisiúnta nó sábháilteacht phoiblí, an tsíocháin phoiblí, cosaint a thabhairt do shláinte nó do mhóráltacht phoiblí nó chun cearta bunúsacha agus saoirsí daoine eile a chosaint.

# Airteagal 16 - Cosaint na príobháideachta

1 Ní chuirfear isteach ar bhealach neamhshrianta ná mídhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar bhaile ná ar chomhfhreagras leanaí agus ní dhéanfar ionsaithe mídhleathacha ar a gcáil ná ar a gclú.

2 Tá sé de cheart ag leanaí cosaint an dlí a bheith acu ar chur isteach agus ar ionsaithe den chineál sin.

# Airteagal 17 - Rochtain ar fhaisnéis iomchuí

Aithníonn Stát-Pháirtithe an fheidhm thábhachtach atá ag na meáin chumarsáide agus cinnteoidh siad go bhfuil fáil ag leanaí ar eolas agus ar ábhar ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla, go speisialta iad siúd atá dírithe ar a leas sóisialta, spioradálta agus morálta agus a sláinte fhisiciúil agus meabhrach a chur chun cinn




**Chuige seo déanfaidh Stát-Pháirtithe:**

(a) Na meáin chumarsáide a spreagadh chun eolas agus ábhar atá chun tairbhe sóisialta agus cultúrtha leanaagus atá i gcomhréir le spiorad Airteagal 29 a leathadh;

(b) Comhoibriú idirnáisiúnta a spreagadh i dtaca le giniúint, malartú agus leathadh eolais agus ábhar den chineál sin ó fhoinsí cultúrtha, náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla;

(c) Giniúint agus leathadh leabhar do leanaí a spreagadh;

(d) Na meáin chumarsáide a spreagadh le haird ar leith a thabhairt ar na riachtanais teanga atá ag leanaí a bhaineann le grúpa mionlach nó dúchasach;

(e) Spreagadh a thabhairt d’fhorbairt treoirlínte cuí do chosaint leanaí ó eolas agus ábhar atá díobhálach dá leas, ag cur san áireamh na forálacha atá in airteagail 13 agus 18.

# Airteagal 18 - Freagrachtaí na dTuismitheoirí

1 Déanfaidh Stát-Pháirtithe gach iarracht lena chinntiú go dtabharfar aitheantas don phrionsabal go bhfuil freagrachaí comónta ar an mbeirt tuismitheoirí i dtaca le tógáil agus forbairt an linbh. Is ar thuismitheoirí, nó sa chás gur cuí, ar na caomhnóirí dleathacha atá an phríomhfhrea gracht i dtaca le tógáil agus forbairt an linbh. Beidh leas an linbh ar an gcúram is bunúsaí orthu.

2 I dtaca leis na cearta atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo a chinntiú agus a chur chun cinn, tabharfaidh Stát-Pháirtithe tacaíocht chuí do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí dleathacha agus iad i mbun a ndualgas tógála clainne agus cinnteoidh siad go bhforbrófar institiúidí, áiseanna agus seirbhísí i dtaca le cúram leanaí.

3 Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna cuí is gá lena chinntiú go bhfuil sé de cheart ag leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag obair tairbhe a bhaint as seirbhísí chúram-leanaí agus as áiseanna a bhfuil siad ina dteideal.

# Airteagal 19 - Cosaint ó dhrochíde agus faillí

1 Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna cuí reachtúla, riaracháin, sóisialta, agus oideachasúla le leanaí a chosaint ó gach cineál foréigin fhisiciúil agus mheabhrach, ó ghortú agus ó dhrochíde, ó fhaillí agus ó aire shleamchúiseach, ó splíontaíocht agus ó mhí-úsáid, lena n-áirítear drochíde collaí, agus an leanbh faoi chúram tuismitheora nó tuismitheoirí, caomhnóra nó caomhnóirí dleathacha nó aon duine eile atá ag tabhairt aire dó nó di.

2 Is ceart go gcuimseodh na beartais chosanta seo, de réir mar is cuí, modhanna éifeachtacha chun cláir shóisialta a bhunú a chuirfidh tacaíocht riachtanach ar fáil don leanbh agus dóibh siúd a bhfuil cúram an linbh orthu, chomh maith le modhanna eile chun cásanna den drochíde a bhfuil tuairisc orthu thuas a chosc, a aithint, a thuairisciú, a chur ar aghaidh, a fhiosrú, a réiteach agus a leanúint agus, de réir mar is cuí chun ról a thabhairt do na cúirteanna.

# Airteagal 20 - Cosaint leanaí gan teaghlaigh

1 Beidh leanbh nach bhfuil timpeallacht a theaghlaigh ar fáil dó nó di, ar bhonn sealadach nó go buan, nó nach féidir ar mhaithe leis nó léi féin é nó í a fhágáil sa timpeallacht sin, i dteideal cosaint agus cúnamh speisialta a fháil ón Stát.

2 Cinnteoidh Stát-Pháirtithe i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta go gcuirfear cúram eile ar fáil do leanbh den sórt sin.

3 Is cóir go gcuimseodh an cúram seo, inter alia, socrú altramais, kafalah an dlí Ioslamaigh, uchtú nó más gá socrú in institiúidí atá oiriúnach chun aire a thabhairt do leanaí. Nuair atá réiteach á phlé, beidh sé inmhianta go mbeidh leanúnachas ann i dtaca le tógáil an linbh agus le cúlra eitneach, creidimh, cultúrtha agus teanga an linbh, agus tabharfar aird chuí air sin.



# Airteagal 21 - Uchtú

Cinnteoidh Stát-Pháirtithe a aithníonn agus/nó a cheadaíonn an córas uchtaithe go dtabharfar tús áite do leas an linbh agus:

(a) Cinnteoidh siad gur trí údaráis inniúla amháin, a dheimneoidh i gcomhréir leis na dlíthe agus na cleachtais chuí agus bunaithe ar gach eolas atá ábhartha agus iontaofa go bhfuil an t-uchtú ceadaithe i bhfianaise stádas an linbh i dtaca lena t(h)uismitheoirí, g(h)aolta agus c(h)aomhnóirí dleathacha, agus, más gá, go bhfuil na daoine atá i gceist agus an t-eolas ar fad agus cibé comhairle atá riachtanach curtha ar fáil dóibh tar éis a gcead a thabhairt don uchtú, a údarófar uchtú linbh;

(b) Aithneoidh siad gur féidir uchtú idir dhá thír a chur san áireamh mar mhalairt bealaigh le cúram a chur ar fáil do leanbh, murar féidir an leanbh a chur le teaghlach altrama nó uchtaithe nó murar féidir cúram oiriúnach a chur ar fáil dó nó di ar aon bhealach oiriúnach ina dtír dúchais;

(c) Cinnteoidh siad go mbeidh an chosaint agus na caighdeáin a bheidh ar fáil do leanbh atá páirteach in uchtú idir dhá thír ar aon chaighdeán leis an gcosaint agus na caighdeáin atá i bhfeidhm d'uchtú náisiúnta;

(d) Glacfaidh siad na céimeanna cuí lena chinntiú, i gcás uchtú idir dhá thír, nach mbeidh airgead á thuilleamh go míchuibhiúil ag na daoine atá páirteach ann;

(e) Cuirfidh siad chun cinn, nuair is cuí, cuspóirí an airteagail seo trí chomhaontuithe nó socruithe dépháirtí nó ilpháirtí a chomhaontú, agus trí gach iarracht a dhéanamh, laistigh den chreat seo, lena chinntiú go mbeidh na socruithe chun leanbh a chur go tír eile á ndéanamh ag údaráis nó ag gníomhaireachtaí atá inniúil don ghnó sin.



"Aithníonn Stát-Pháirtithe gur chóir do leanaí a bhfuil míchumas meabhrach nó fisiciúil orthu saol iomlán agus maith a bheith acu le sult a bhaint as, i gcoinníollacha a dheimhníonn a maorgacht, a chuireann a bhféinspleáchas chun cinn agus a dhéanann éascaíocht ar a ran nphairtíocht ghníomhach i saol an phobail. ..." (Airteagal 23)

# Airteagal 22 - Leanaí ar dídeanaithe iad

1 Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna cuí lena chinntiú go bhfaighidh leanaí atá ag lorg stádais mar dhídeanaithe nó atá aitheanta mar dhídeanaithe i gcomhréir leis na dlíthe agus leis na cleachtais idirnáisiúnta agus inmheánacha a bhfuil feidhm acu, cibé i dteannta a dtuismitheoirí nó aon duine eile nó leo féin, an chosaint agus an cúnaimh daonchairdiúil cuí agus iad ag baint sochair as na cearta feidhmiúla atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo agus in ionstraimí idirnáisiúnta cearta daonna agus daonchairdiúla eile a bhfuil Stát-Pháirtithe ina bpáirtithe iontu.

2 Chun na críche seo, comhoibreoidh Stát-Pháirtithe, de réir mar a mheasann siad a bheith cuí, le haon iarrachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idir-rialtais nó neamhrialtais inniúla eile a bheidh ag comhoibriú leis na Náisiún Aontaithe ar mhaithe le cosaint agus cúnamh a thabhairt do leanbh den sórt sin agus chun tuairisc a fháil ar thuismitheoirí nó ar dhaoine eile de theaghlach linbh ar dídeanaí é nó í chun eolas a fháil atá de dhíth chun é nó í a athaontú leis an teaghlach. I gcásanna nach féidir ceachtar de na tuismitheoirí ná aon duine eile den teaghlach a aimsiú, tabharfar an chosaint chéanna don leanbh agus a thabharfaí d'aon leanbh eile a bheadh fágtha gan timpeallacht a dteaghlaigh, go buan nó go sealadach agus ar cibé cúis, mar atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo.

# Airteagal 23 - Leanaí le míchumas

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe gur chóir do leanaí a bhfuil míchumas meabhrach nó fisiciúil orthu saol iomlán agus maith a bheith acu le sult a bhaint as, i gcoinníollacha a dheimhníonn a maorgacht, a chuireann a bhféinspleáchas chun cinn agus a dhéanann éascaíocht ar a ran nphpáirtíocht ghníomhach i saol an phobail.

2 Aithníonn Stát-Pháirtithe go bhfuil ceart ag leanbh a bhfuil míchumas air nó uirthi chuig cúram speisialta agus spreagfaidh siad agus cinnteoidh siad go gcuirfear ar fáil don leanbh atá i dteideal é a fháil agus dóibh siúd atá freagrach as a c(h)úram, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, an cúnamh a ndéanfar iarratas ina leith agus atá oiriúnach d'imthosca an linbh agus do chúinsí na dtuismitheoirí nó daoine eile atá ag tabhairt aire don leanbh.

3 I bhfianaise riachtanas speisialta an linbh a bhfuil míchumas air nó uirthi, déanfar an cúnamh a chuirfear ar fáil i gcomhréir le halt 2 den airteagal seo a sholáthar saor in aisce, nuair is féidir, ag cur san áireamh acmhainní airgid na dtuismitheoirí nó na ndaoine eile atá ag tabhairt aire don leanbh, agus cuirfear ar fáil é ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh fáil éifeachtach ag an leanbh a bhfuil míchumas air, agus go bhfaighidh sé nó sí oideachas, oiliúint, seirbhísí sláinte, seirbhísí athshlánaithe, réiteach i gcomhair fostaíochta agus deiseanna caitheamh aimsire ar bhealach a chuideoidh leis nó léi rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus forás pearsanta iomlán a bhaint amach, lena n-áirítear a f(h)orás cultúrtha agus spioradálta.

4 Cuirfidh Stát-Pháirtithe chun cinn, i spiorad an chomhoibrithe idirnáisiúnta, malartú eolais cuí sa réimse cúram sláinte toirmeascach agus sna córacha leighis, síceolaíochta agus feidhmiúla do leanaí le míchumas, lena n-áirítear eolas a leathadh agus fáil a bheith ar eolas a bhaineann le modhanna athshlánaithe, oideachais agus seirbhísí gairmeacha, le cuspóir cabhrú le Stát-Pháirtithe cur lena gcumas, lena scileanna agus lena dtaithí sna réimsí seo. I dtaca leis sin tabharfar aird ar leith ar riachtanais na dtíortha atá ag forbairt.

# Airteagal 24 - Sláinte agus seirbhísí sláinte

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh an caighdeán is airde sláinte is féidir a shroichint a bheith ar fáil dó nó di i dteannta le háiseanna chun cóir a chur ar thinneas agus sheirbhísí athshlánaithe. Déanfaidh Stát-Pháirtithe a ndícheall chun a chinntiú nach mbainfear de cheart aon linbh teacht a bheith aige nó aici ar sheirbhísí sláinte den chineál seo.

2 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe feidhm iomlán don cheart seo, agus, ach go háirithe, glacfaidh siad céimeanna cuí:

(a) Leis an ráta mortlaíochta i measc naíonán agus leanaí a laghdú;

(b) Lena chinntiú go mbeidh cúnaimh leighis agus cúram sláinte atá riachtanach ar fáil do gach leanbh le béim ar fhorbairt bunseirbhísí chúram sláinte;

(c) Chun dul i ngleic le galair agus le heaspa cothaithe, lena n-áirítear, laistigh de na bunseirbhísí cúram sláinte, trí, inter alia, úsáid na teic neolaíochta atá ar fáil go forleathan agus trí dhóthain bia scamhardach and uisce glan le hól a sholáthar, ag cur san áireamh na contúirtí agus an baol a bhaineann le truailliú natimpeallachta;

(d) Lena chinntiú go mbeidh seirbhísí sláinte réamhbheireatais agus iarbheireatais cuí ar fáil do mháithreacha;

(e) Lena chinntiú go mbeidh gach earnáil den phobal, agus go háirithe tuismitheoirí agus leanaí, ar an eolas faoi, agus go mbeidh fáil acu ar oideachas i leith, agus go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh in úsáid eolais bhunúsaigh ar shláinte agus cothú leanaí, ar na buntáistí a ghabhann le beathú cíche, le sláinteachas agus le sláintíocht sa chomharsanacht agus ar chosc timpistí;

(f) Chun seirbhísí cúram sláinte toirmeascach, treoir do thuismitheoirí agus seirbhísí agus oideachas i bpleanáil clainne a fhorbairt.

3 Glacfaidh na Stát- Pháirtithe gach céim éifeachtach agus chuí i dtaca le deireadh a chur le cleachtais thraidisiúnta atá díobhálach do shláinte leanaí.

4 Dearbhaíonn Stát-Pháirtithe go dtabharfaidh siad faoi chomhoibriú idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a spreagadh i dtaca le feidhm iomlán a bhaint amach de réir a chéile don cheart atá aitheanta san airteagal seo. Maidir leis sin tabharfar aird ar leith ar riachtanais na dtíortha atá ag forbairt.

# Airteagal 25 - Athbhreithniú tréimhsiúil ar shocrúchán

Aithníonn Stát-Pháirtithe go bhfuil ceart ag leanaí, atá curtha faoi chúram ag na húdaráis inniúla ar mhaithe le cúram, cosaint nó cóir leighis a fháil dá sláinte fhisiciúil nó meabhrach, ar athbhreithniú tréimhsiúil ar an gcóir leighis atá á fháil acu agus ar na cúinsí eile ar fad a bhaineann leis an socrú sin.



# Airteagal 26 - Slándáil shóisialta

1 Aithneoidh Stát-Pháirtithe go bhfuil an ceart ag gach leanbh sochar a bhaint as slándáil shóisialta, lena náirítear árachas sóisialta, agus glacfaidh siad na céimeanna atá riachtanach chun feidhm iomlán a bhaint amach don cheart seo i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

2 Is cóir an tairbhe a dheonú, nuair is cuí, ag cur san áireamh acmhainní agus cúinsí an linbh agus na ndaoine atá freagrach as cothabháil an linbh, chomh maith le haon ghné eile atá ábharthach d'iarratas ar shochar a dhéanann leanbh nó a déantar thar ar a c(h)eann.

# Airteagal 27 - Caighdeán maireachtála

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe go bhfuil ceart ag gach leanbh ar chaighdeán maireachtála atá dóthaineach d'fhorás fisiciúil, meabhrach, spioradálta, morálta agus sóisialta an linbh.

2 Is ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí nó ar cibé daoine a bhfuil freagracht orthu i leith an linbh atá an phríomhfhreagracht na socruithe a dhéanamh, laistigh dá gcumais agus dá n-acmhainn airgid, atá riachtanach d'fhorás an linbh.

3 Glacfaidh Stát-Pháirtithe, i gcomhréir lena gcoinníollacha náisiúnta agus laistigh dá n-acmhainní, céimeanna cuí chun tacú le tuismitheoirí agus le daoine eile atá freagrach as leanbh feidhm a thabhairt don cheart seo agus i gcás ina bhfuil gátar soláthróidh siad cúnamh ábhartha agus cláir thacaíochta, go háirithe i dtaca le cothú leanaí, éadaí agus tithíocht.

4 Glacfaidh Stát-Pháirtithe gach céim chuí chun cothabháil an linbh a fháil ar ais ó na tuismitheoirí nó ó cibé daoine eile a bhfuil freagracht airgeadúil orthu i leith an linbh, cibé laistigh den Stát-Pháirtí nó thar lear. Ach go háirithe, nuair a chónaíonn duine a bhfuil freagracht airgeadúil orthu i leith an linbh i Stát eile seachas an Stát ina bhfuil an leanbh, cuirfidh Stát-Pháirtithe chun cinn a bpáirtíocht i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó socruithe chun comhaontuithe den chineál sin a dhéanamh, chomh maith le socruithe cuí eile.

# Airteagal 28 - Oideachas

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh oideachas a fháil, agus i dtaca le feidhm a thabhairt don cheart seo de réir a chéile agus i gcomhréir le comhionannas deiseanna, glacfaidh siad na céimeanna seo a leanas, ach go háirithe:

(a) Déanfaidh siad oideachas bunscoile éigeantach agus cuirfidh siad ar fáil é saor in aisce do chách;

(b) Spreagfaidh siad forbairt cineálacha éagsúla oideachas dara leibhéal, ar a n-áirítear oideachas ginearálta agus oideachas gairmeach, cuirfidh siad ar fáil iad do gach leanbh agus beidh rochtain ag gach leanbh orthu, agus glacfaidh siad céimeanna cuí i gcásanna ina bhfuil gátar, mar shaor-oideachas nó tacaíoch tairgid a chur ar fáil;

(c) Tabharfaidh siad rochtain do chách ar ard-oideachas de réir a gcumais, ar gach bealach cuí is féidir;

(d) Cuirfidh siad gairmeolas agus gairmthreoir ar fáil do gach leanbh agus beidh rochtain acu orthu;

(e) Glacfaidh siad céimeanna le freastal rialta ar scoileanna a spreagadh agus chun rátaí luathfhágála scoile a ísliú.

2 Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna cuí atá de dhíth lena chinntiú go ndéanfar cúrsaí smachta i scoileanna a riaradh ar bhealach a ghlacann le maorgacht an linbh mar dhuine daonna agus atá i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo.

3 Cuirfidh Stát-Pháirtithe chun cinn agus spreagfaidh siad comhoibriú idirnáisiúnta i gcúrsaí a bhaineann le hoideachas, go háirithe maidir le deireadh a chur le haineolas agus neamhlitearthacht ar fud an domhain agus rochtain ar eolas faoi chúrsaí eolaíocha agus teicniúla agus faoi mhodhanna teagaisc na linne seo a éascú. I dtaca leis sin tabharfar aird ar leith ar riachtanais na dtíortha atá ag forbairt.

## Airteagal 29 - Aidhmeanna an oideachais

1 Aontaíonn Stát-Pháirtithe go mbeidh oideachas an linbh dírithe ar:

(a) An bhforbairt is mó is féidir a dhéanamh ar phearsantacht, ar bhuanna agus ar chumais fhisiciúla agus éirime an linbh;

(b) Urraim do chearta daonna, do shaoirse bhunúsach agus do na prionsabail atá curtha i láthair i gCairt na Náisiún Aontaithe a fhorbairt;

(c) Urraim a chothú do thuismitheoirí an linbh, d'fhéiniúlacht chultúrtha, do theanga agus do luachanna an linbh, do luachanna náisiúnta na tíre ina bhfuil cónaí ar an leanbh, don tír as ar tháinig sé nó sí ar dtús, agus do shibhialtachtaí eile atá éagsúil ón tsibhialtacht lena mbaineann an leanbh;

(d) An leanbh a ullmhú do shaol freagrachta i sochaí ina bhfuil saoirse, i spiorad na tuisceana, na síochána, na caonfhulaingthe, an chomhionannais idir fir agus mná, agus an cairdeas idir gach cineál dreama agus grúpa eitneach, náisiúnta agus creidimh agus daoine de bhunadh dúchasaigh;

(e) Urraim don timpeallacht nádúrtha a fhorbairt.

2 Ní bhainfear brí as aon chuid den airteagal seo ná as aon chuid d'airteagal 28 a chuirfeadh isteach ar shaoirse daoine aonair nó eagraíochtaí institiúidí oideachais a bhunú agus a stiúradh, seachas iad a bheith faoi réir i gcónaí ag an bprionsabal atá leagtha síos in alt 1 den airteagal seo agus ag an riachtanas go gcloífidh an t-oideachas a chuirfear ar fáil in institiúidí den chineál sin le cibé caighdeáin a bheidh leagtha síos ag an Stát.

## Airteagal 30 - Leanaí de chuid mionlach nó daoine dúchasacha

Sna Stát-Pháirtithe sin ina bhfuil mionlaigh eitneacha, creidimh nó teanga nó ina bhfuil daoine de bhunadh dúchasaigh, ní bhainfear de cheart linbh a bhaineann le ceann de na mionlaigh sin nó ar de bhunadh dúchasaigh é nó í, i gcomhluadar le daoine eile ina g(h)rúpa, a c(h)ultúr féin a bheith aige nó aici, a c(h)reideamh féin a admháil agus a chleachtadh, agus a t(h)eanga féin a úsáid.

## Airteagal 31 - Fóillíocht, áineas agus gníomhaíochtaí cultúrtha

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire atá oiriúnach dá n-aois agus a bheith rannpháirteacht sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

2 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.

## Airteagal 32 - Fostú leanaí

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart leanaí a bheith cosanta ar mhí-úsáid eacnamaíoch agus ó a bheith ag déanamh aon obair gur dócha í a

bheith contúirteach nó gur dócha go gcuirfeadh sí isteach ar oideachas an linbh, nó go mbeadh sí díobhálach do shláinte an linbh nó dá f(h)orás fisiciúil, meabhrach, spioradálta, morálta nó sóisialta.

2 Glacfaidh Stát-Pháirtithe céimeanna reachtúla, riaracháin, sóisialta agus oideachasúla lena chinntiú go gcuirfear an t-airteagal seo i bhfeidhm. Chuige seo, agus ag cur san áireamh na forálacha ábharthacha in ionstraimí idirnáisiúnta eile, déanfaidh Stát-Pháirtithe, ach go háirithe:

(a) Soláthar don aois nó do na haoiseanna is óige ag ar féidir a bheith fostaithe;

(b) Soláthar chun rialú cuí a dhéanamh ar uaire agus ar choinníollacha oibre;

(c) Soláthar do phíonóis chuí nó do smachtbhannaí eile lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm an t-airteagal seo go héifeachtach.

# Airteagal 33 - Mí-úsáid drugaí

Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna atá de dhíth, ar a n-áirítear céimeanna reachtúla, riaracháin, sóisialta agus oideachasúla, chun leanaí a chosaint ó úsáid mhídhleathach drugaí támhshuanacha agus folaí síceotropaice mar a shainítear iad sna conarthaí idirnáisiúnta ábharthacha, agus chun cosc a chur le húsáid leanaí i dtáirgeadh agus i mangaireacht mhídhlisteanach fholaigh den chineál sin.

# Airteagal 34 - Dúshaothrú gnéasach

Tabharfaidh Stát-Pháirtithe cosaint do leanaí ar gach cineál mí-úsáide agus drochíde collaí. Chun na críche seo, glacfaidh Stát-Pháirtithe, ach go háirithe, gach céim náisiúnta, déphháirtí agus ilphháirtí cuí chun cosc a chur le:

(a) Leanaí a bheith á mbrú nó á mealladh chun páirt a ghlacadh in aon ghníomh collaí mídhleathach;

(b) Mí-úsáid leanaí i striapachas nó in aon chleachtais collaí mídhleathacha eile;

(c) Mí-úsáid leanaí i ngníomhartha agus in ábhar pornagrafaíoch.

## Airteagal 35 - Díol, gáinneáil agus fuadach

Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna náisiúnta, déphháirtí agus ilphairtí atá de dhíth chun cosc a chur ar fhuadach, ar dhíol agus ar thráchtáil leanaí chun cibé críche agus ar cibé bealach.

## Airteagal 36 - Saghasanna eile dúshaothraithe

Tabharfaidh Stát-Pháirtithe cosaint do leanaí ar gach cineál mí-úsáide a bheadh díobhálach d'aon ghné de leas an linbh.

## Airteagal 37 - Céasadh agus díothacht saoirse

Cinnteoidh Stát-Pháirtithe:

(a) Nach gcuirfear aon leanbh faoi chéasadh, agus nach gcaithfear leo ar bhealach, agus nach gcuirfear iad faoi aon phionós atá cruálach, mídhaonna ná táireach. Ní chuirfear pionós an bháis ná príosúin saoil gan aon deis go saorfar iad mar phíonós i leith cionta a dhéanann daoine atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois;

(b) Ní bhainfear a saoirse d'aon leanbh go mídhleathach ná go neamhshrianta. Beidh gabháil, coinneáil nó cur i bpríosún leanbh i gcomhréir leis an dlí agus ní dhéanfar é seo ach amháin nuair nach bhfuil aon rogha eile fágtha agus don tréimhse ama cuí is giorra;

(c) Caithfear le gach leanbh a bhfuil a shaoirse nó a saoirse bainte de nó di le daonnacht agus le hurraim do mhaorgacht nádúrtha an duine daonna, agus ar bhealach a chuireann san áireamh riachtanais daoine den aois sin. Ach go háirithe, coinneofar gach leanbh a mbeidh a shaoirse nó a saoirse bainte de nó di atá scartha ó dhaoine fásta, ach amháin go meastar go bhfuil sé chun leas an linbh gan sin a dhéanamh, agus beidh sé de cheart acu teagmháil a choinneáil lena dteaghlach trí chomhfhreagras nó trí chuairteanna, ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla;



“Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna náisiúnta, dépháirtí agus ilpháirtí atá de dhíth chun cosc a chur ar fhuadach, ar dhíol agus ar thráchtáil leanaí chun cibé críche agus ar cibé bealach.”
(Airteagal 35)

(d) Beidh ceart ag gach leanbh a bhfuil a shaoirse nó a saoirse bainte de nó di teacht a bheith acu láithreach ar chúnaimh dlí agus ar chúnamh cuí eile, chomh maith leis an gceart a bheith acu dlisteanacht a saoirse a bheith bainte díobh a cheistiú os comhair cúirte nó os comhair údárás inniúil, neamhspleách agus neamhchlaonta eile, agus cinneadh tapa a fháil ina leith sin.

## Airteagal 38 - Coinbhleachtaí armtha

1 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim agus cinnteoidh siad go dtabharfar urraim do rialacha na ndlíthe idirnáisiúnta daonchairdiúla a bhaineann leo i gcoimhlint armtha atá ábharthach do leanaí.

2 Glacfaidh Stát-Pháirtithe gach céim is féidir lena chinntiú nach nglacfaidh daoine atá faoi bhun cúig bliana déag d'aois páirt i gcogaí.

3 Staonfaidh Stát-Pháirtithe ó dhaoine nach bhfuil cúig bliana déag d'aois sroichte acu a earcú sna fórsaí armtha. Agus daoine á n-earcú a bhfuil cúig bliana déag d'aois sroichte acu ach nach bhfuil ocht mbliana déag d'aois bainte amach acu, déanfaidh Stát-Pháirtithe a ndícheall tosaíocht a thabhairt dóibh siúd is sine.

4 I gcomhréir lena ndualgais faoi dhlíthe daonchairdiúla idirnáisiúnta i dtaca leis na gnáthdhaoine a chosaint le linn coimhlintí armtha, glacfaidh Stát-Pháirtithe gach céim is féidir lena chinntiú go dtabharfar aire agus cosaint do leanaí a thagann faoi thionchar choimhlint armtha.

# Airteagal 39 - Cúram athshlánaithe

Glacfaidh Stát-Pháirtithe na céimeanna atá de dhíth chun tacú le bisiú fisiciúil agus síceolaíoch agus athuilechuimsitheacht shóisialta leanaí atá tar éis fulaingt de bharr: aon chineál faillí, mí-úsáide, nó drochíde; céasadh nó aon chineál píonóis nó dhrochúsáid chruálach, mhídhaonna nó tháireach eile; nó choimhlint armtha. Tarlóidh an bisiú agus an t-athuilechuimsitheacht shóisialta seo i dtimpeallacht a chothaíonn sláinte, féin-urraim agus maorgacht an linbh.

# Airteagal 40 - Dlí agus ceart d'ógánaigh a riar

1 Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart gach linbh a bhfuil líomhain curtha ina leith, atá cúisithe, nó atá aitheanta as dlí inphionóis a shárú, go gcaithfear leis nó léi ar bhealach a thacóidh le forbairt na tuisceana atá aige nó aice ar a m(h)aorgacht agus ar a f(h)iúntas, a láidríonn urraim an linbh do chearta daonna agus do shaoirsí bunúsacha daoine eile agus a chuireann san áireamh aois an linbh agus an mhian go bhfuiltear ag iarraidh tacú le hathuilechuimsitheacht shóisialta an linbh agus leis an leanbh chun ról dearfach a ghlacadh sa tsochaí.

2 Chuige seo, agus ag cur san áireamh na bhforálacha ábharthacha in ionstraimí idirnáisiúnta, cinnteoidh Stát-Pháirtithe, ach go háirithe:

(a) Nach gcuirfear líomhain i leith aon linbh, nach gcúiseofar aon leanbh, agus nach n-aithneofar aon leanbh as dlí inphionóis a shárú, mar thoradh ar ghníomhartha nó de bharr faillí nach raibh toirmeasctha ag dlíthe náisiúnta nó idirnáisiúnta ag an am a ndearnadh iad;

(b) Tá na cearta seo a leanas, ar a laghad, ag gach leanbh a gcuirtear líomhain ina leith nó a chúisítear as dlí inphíonóis a shárú:

(i) Go nglacfar leis go bhfuil sé nó sí neamhchiontach go dtí go gcruthófar, i gcomhréir leis an dlí, go bhfuil sé nó sí ciontach;

(ii) Go gcuirfear in iúl dó nó di go luath agus go díreach cad iad na cúiseanna atá curtha ina leith, agus, más cuí, trína thuismitheoirí nó a chaomhnóirí dleathacha nó a tuismitheoirí nó a caomhnóirí dleathacha agus go mbeidh cúnamh dlí nó cúnamh cuí eile ar fáil aige nó aici agus é nó í ag ullmhú agus ag cur a chás nó a cás i láthair;

(iii) Go ndéanfaidh údarás nó institiúid dhlíthiúil atá inniúil, neamhspleách agus neamhchlaonta an cás a shocrú gan mhoill tar éis éisteacht chothrom i gcomhréir leis an dlí, i láthair chúnamh dlí nó chúnamh cuí eile agus i láthair na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí dleathacha, ach amháin go meastar nach bhfuil sé seo chun leas an linbh, ag cur san áireamh a n-aoise agus a n-imthosca;

(iv) Nach mbeidh sé éigeantach ar leanbh fianaise a thabhairt ná a admháil go bhfuil sé nó sí ciontach; agus go mbeidh deis aige nó aici finnéithe naimhdeacha a iniúchadh nó iad a bheith iniúchta thar a gceann agus go bhfaighidh sé nó sí rannpháirtíocht na bhfinnéithe agus go bhféadfar iad a iniúchadh thar a cheann nó thar a ceann faoi choinníollacha atá cothrom;

(v) Má shocraítear gur sháraigh sé nó sí dlí inphíonóis, go bhfuil sé de cheart aige nó aici go ndéanfaidh, I gcomhréir leis an dlí,



údarás nó institiúid dhlíthiúil atá ag leibhéal níos airde agus atá inniúil, neamhspleách agus neamhchlaonta athbhreithniú ar an gcinneadh agus ar aon phionós atá leagtha síos i dtaca leis;

(vi) Teangaire a bheith ar fáil saor in aisce mura bhfuil an leanbh ábalta an teanga atá á húsáid a thuiscint nó a labhairt;

(vii) Go dtabharfar urraim iomlán dá phríobháideachas nó dá príob háideachas ag gach céim sa phróiseas.

3 Tabharfaidh Stát-Pháirtithe faoi dhlíthe, cleachtais, údaráis agus institiúidí a chur chun cinn a bheidh dírithe go speisialta ar leanaí a bhfuil líomhain curtha ina leith, atá imchúisithe, nó atá aitheanta as dlí inphionóis a shárú, agus go háirithe:

(a) An aois is ísle a shocrú, ag ar féidir a rá nach mbeadh an toiliú ag leanaí faoin aois sin chun an dlí inphíonóis a shárú;

(b) Nuair is cuí agus inmhianta, céimeanna chun déileáil le leanaí den chineál sin gan dul i muinín imeachtaí dlíthiúla, chomh fada agus go dtabharfar urraim iomlán do chearta daonna agus do chéimeanna cosanta dlíthiúla.

4 Beidh bealaí éagsúla ar fáil, mar shampla, cúram, treoir agus orduithe maoirseachta; comhairle; promhadh; cúram altrama; oideachas agus cláir oiliúna gairmeacha agus roghanna eile ar chúram institiúidiúil, lena chinntiú go ndéileálfar le leanaí ar bhealach atá oiriúnach dá leas agus atá i gcomhréir lena gcúinsí agus an choir atá déanta acu.

## Airteagal 41 - Urraim do na caighdeáin atá ann cheana

Níl aon rud sa Choinbhinsiún seo a chuirfidh as d’aon fhorálacha atá níos cuidithí do bhaint amach chearta an linbh agus atá le fáil:

(a) i ndlíthe Stát-Pháirtí; nó

(b) i ndlí idirnáisiúnta a bhfuil feidhm aige sa Stát-Pháirtí.



# Cuid II

## Airteagail 42-45: Sainigh an chaoi a ndéanfar monatóireacht agus cothú ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin

Airteagal 42: Feasacht a scaipeadh agus a spreagadh

Airteagal 43: Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Airteagal 44: Tuairisciú an Stáit

Airteagal 45: Ionchur ghníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe

# Airteagal 42

Tabharfaidh Stát-Pháirtithe faoi dhaoine fásta agus leanaí, araon, a chur ar an eolas faoi phrionsabail agus faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, trí bhealaí gníomhacha agus cuí.

# Airteagal 43

1 Chun críche iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Stát-Pháirtithe i mbaint amach comhlíonadh na ndualgas atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo, tá Coiste um Chearta an Linbh le bunú, ag a mbeidh na feidhmeanna a ndéantar soláthar dóibh ina dhiaidh seo anseo.

2 Beidh an Coiste comhdhéanta de dheichniúr saineolaí a bhfuil seasamh ard morálta acu agus a bhfuil cumas aitheanta acu sa réimse lena mbaineann an Coinbhinsiún seo. Beidh comhaltaí an Choiste tofa ag na Stát-Pháirtithe as a náisiúnaigh féin agus feidhmeoidh siad ina gceart pearsanta, le dáileadh tíreolaíochta cóir agus na príomhchórais dlí san áireamh.

3 Toghfar comhaltaí an Choiste trí bhallóid rúnda ó liosta daoine a bheidh ainmnithe ag na Stát-Pháirtithe. Beidh cead ag gach Stát-Pháirtí duine amháin as i measc a náisiúnach féin a ainmniú.

4 Reáchtálfar an chéad toghchán den Choiste ar dháta nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta ar a dtagann an Coinbhinsiún seo i réim agus beidh toghchán ann gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Ar a laghad ceithre mhí roimh dháta gach toghcháin, cuirfidh Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe litir chuig na Stát-Pháirtithe ag tabhairt cuireadh dóibh a gcuid ainmniúchán a dhéanamh laistigh de dhá mhí. Ina dhiaidh sin ullmhóidh an Rúnaí Ginearálta liosta in ord aibítre de na daoine ar fad atá ainmnithe agus a léiríonn na Stát-Pháirtithe a d'ainmnigh iad, agus cuirfidh sé ar fáil é do Stát-Pháirtithe an Choinbhinsiúin seo.

5 Reáchtálfar na toghcháin ag cruinnithe de na Stát-Pháirtithe a thionólfaidh an Rúnaí Ginearálta ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe. Ag na cruinnithe sin ag a mbeidh dhá thrian de na Stát-Pháirtithe ina chóram, is iad na daoine a bheidh tofa ar an gCoiste na daoine sin a gheobhaidh an líon is mó vótaí agus móramh iomlán de vótaí ionadaithe na Stát-Pháirtithe atá i láthair agus a vótálfaidh.

6 Toghfar comhaltaí an Choiste do thréimhse ceithre bliana. Beidh siad i dteideal a n-atofa má ainmnítear arís iad. Críochnóidh tréimhse cúigear de na comhaltaí a thoghfar ag an gcéad toghchán tar éis dhá bhliain; láithreach tar éis an chéad toghcháin, roghnóidh Cathaoirleach an chruinnithe ainmneacha an chúigear comhalta seo trí chrainn a chaitheamh.

7 Má bhásann duine den Choiste, má éiríonn duine as nó, a fhógairt ar chúis éigin eile, nach féidir leis nó léi feidhmiú a thuilleadh de réir dhualgais an Choiste, ceapfaidh an Stát-Pháirtí a d’ainmnigh an duine sin saineolaí eile as a náisiúnaigh chun feidhmiú mar chomhalta den Choiste don chuid eile den tréimhse, faoi réir chead an Choiste.

8 Socróidh an Coiste a chuid rialacha imeachta féin.

9 Roghnóidh an Coiste a chuid oifigeach do thréimhse dhá bhliain.

10 Reáchtálfar cruinnithe an Choiste ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe go hiondúil nó ag aon áit chuí eile de réir mar a shocraíonn an Coiste. De ghnáth buailfidh an Coiste le chéile go bliantúil. Déanfar fad na gcruinnithe a shocrú, agus a athbhreithniú, más gá, trí chruinniú de Stát-Pháirtithe an Choinbhinsiúin seo, faoi réir chead an Chomhthionóil Ghinearálta.

11 Soláthróidh Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe an fhoireann agus na saoráidi a bheith riachtanach chun feidhm éifeachtach a thabhairt d’fheidhmeanna an Choiste faoin gCoinbhinsiún seo.

12 Le cead an Chomhthionóil Ghinearálta, gheobhaidh comhaltaí an Choiste atá bunaithe faoin gCoinbhinsiún seo luach saothair ó acmhainní na Náisiún Aontaithe faoi cibé téarmaí agus coinníollacha a shocróidh an Comhthionól.

# Airteagal 44

1 Cuirfidh Stát-Pháirtithe ar fáil don Choiste, trí Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe, tuarascálacha ar na céimeanna atá glactha acu a thugann éifeacht do na cearta atá aitheanta anseo istigh agus ar an dul chun cinn atá déanta ar shealúchas na gcearta sin:

(a) Laistigh de dhá bhliain ó thagann an Coinbhinsiún i réim don Stát-Pháirtí atá i gceist;

(b) Gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

2 Sna tuarascálacha a chuirfear ar fáil faoin airteagal seo léireofar imthosca agus deacrachtaí, más ann dóibh, a chuireann isteach ar an méid dul chun cinn atá déanta chun na dualgais atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, beidh dóthain eolais sna tuarascálacha le tuiscint chuimsitheach a thabhairt don Choiste ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sa tír atá i gceist.

3 Ní gá do Stát-Pháirtí a chuireann tuairisc chuimsitheach ar fáil don Choiste sa chéad tuarascáil, eolas bunúsach a cuireadh ar fáil cheana a sholáthar arís sna tuarascálacha a chuirfear ar fáil faoi réir alt 1(b) den airteagal seo.

4 Is féidir leis an gCoiste eolas breise a bhaineann le feidhmiú an Choinbhinsiúin a lorg ó Stát-Pháirtithe.

5 Cuirfidh an Coiste tuarascáil ar a ngíomhaíochtaí ar fáil don Chomhthionól Ginearálta, tríd an gComhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta, gach dhá bhliain.

6 Cuirfidh na Stát-Pháirtithe a dtuarascálacha féin ar fáil go forleathan don phobal ina dtíortha féin.

# Airteagal 45

Chun feidhmiú éifeachtach an Choinbhinsiúin a chothú agus chun comhoibriú idirnáisiúnta sna réimsí a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a spreagadh:


(a) Beidh na sainghníomhaireachtaí, Ciste na Náisiún Aontaithe do Leanaí, agus eagraíochtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe i dteideal a bheith i láthair nuair a bheidh feidhmiú fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a thagann laistigh dá gcúram á phlé. Is féidir leis an gCoiste cuireadh a thabhairt do na sainghníomhaireachtaí, do Chiste na Náisiún Aontaithe do Leanaí agus do dhreamanna inniúla eile a mheasann siad a bheith cuí chun comhairle shaineolach a sholáthar ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin i réimsí a thagann laistigh de scóip na gcúram atá orthu. Is féidir leis an gCoiste cuireadh a thabhairt do na sainghníomhaireachtaí, do Chiste na Náisiún Aontaithe do Leanaí agus d'eagraíochtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe chun tuairiscí a chur ar fáil ar fheidhmiú na Straitéise i réimsí a thagann laistigh dá réimse gníomhaíochtaí;



(b) Cuirfidh an Coiste ar fáil, de réir mar a bhraitheann siad a bheith cuí, do na sainghníomhaireachtaí, do Chiste na Náisiún Aontaithe do Leanaí agus do dhreamanna inniúla eile, aon tuarascálacha ó na Stát-Pháirtithe ina bhfuil achainí ann, nó a léiríonn go bhfuil gá le comhairle nó le cúnamh teicniúil, in éineacht le tuairimí agus moltaí an Choiste, más ann dóibh, ar na hachainíocha nó ar an ngá atá léirithe;

(c) Is féidir leis an gCoiste moladh a dhéanamh go n-iarrfaidh an Comhthionól Ginearálta ar an Rúnaí Ginearálta tabhairt faoi staidéar a dhéanamh ar cheisteanna ar leith a bhaineann le cearta an linbh, thar a gceann;

(d) Is féidir leis an gCoiste comhairle a chur ar fáil agus moltaí ginearálta a dhéanamh bunaithe ar an eolas a fhaightear faoi réir airteagail 44 agus 45 den Choinbhinsiún seo. Cuirfear an chomhairle agus na moltaí ginearálta seo ar fáil d'aon Stát-Pháirtí lena mbaineann siad agus tuairisceofar iad don Chomhthionól Ginearálta, in éineacht le tuairimí na Stát-Pháirtithe, más ann dóibh.



# Cuid III

## Arteagail 46 - 54: Bearta um Fheidhmiú

Airteagal 46: Síniú Stáit an Choinbhinsiúin

Airteagal 47: Daingniú an Choinbhinsiúin

Airteagal 48: Aontachas leis an gCoinbhinsiún

Airteagal 49: Teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin

Airteagal 50: Leasú an Choinbhinsiúin

Airteagal 51: Forchoimeádais ar an gCoinbhinsiún

Airteagal 52: Séanadh ar an gCoinbhinsiún

Airteagal 53: Taisce an Choinbhinsiúin

Airteagal 54: Sínitheoirí ar an gCoinbhinsiún

# Airteagal 46

Beidh an Coinbhinsiún seo ar fáil le síniú ag gach Stát.

# Airteagal 47

Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe. Déanfar na hionstraimí daingnithe a chur ar earbadh leRúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

# Airteagal 48

Fanfaidh an Coinbhinsiún seo ar fáil do chomhaontú aon Stáit. Déanfar na hionstraimí aontachais a chur ar earbadh le Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

# Airteagal 49

1 Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i réim an tríochadú lá i ndiaidh an dáta ar a gcuirfear an fichiú ionstraim dhaingnithe nó aontachais ar earbadh le Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

2 I ngach Stát a dhaingníonn nó a chomhaontaíonn leis an gCoinbhinsiún tar éis don fichiú ionstraim dhaingnithe nó aontachais a bheith curtha ar earbadh, tiocfaidh an Coinbhinsiún i réim an tríochadú lá tar éis don Stát a ionstraim dhaingnithe nó aontachais a chur ar earbadh.

# Airteagal 50

1 Is féidir le haon Stát-Pháirtí leasú a mholadh agus é a thaifeadadh le Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Leis sin, cuirfidh an Rúnaí Ginearálta na Stát-Pháirtithe ar an eolas faoin leasú atá molta, le hachainí go gcuirfidh siad in iúl an bhfuil siad i bhfabhar chomhdháil de na Stát-Pháirtithe a bheith ann chun na moltaí a phlé agus vóta a chaitheamh ina leith. Sa chás go gcuireann ar a laghad aon trian de na Stát-Pháirtithe in iúl, laistigh de cheithre mhí dóibh an t-eolas seo a fháil, go bhfuil siad i bhfabhar a leithéid de chomhdháil, tionólfaidh an Rúnaí Ginearálta an chomhdháil faoi choimirce na Náisiún Aontaithe.

Cuirfear aon leasú a nglacann móramh de na Stát-Pháirtithe a bhíonn i láthair agus a chaitheann vóta ag an gcomhdháil leis os comhair an Chomhthionóil Ghinearálta lena cheadú.

2 Tiocfaidh leasú a nglactar leis faoi réir alt 1 den airteagal seo i réim nuair a bheidh sé ceadaithe ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus glactha leis ag móramh de dhá thrian de na Stát-Pháirtithe.

3 Nuair a thiocfaidh leasú i réim, beidh sé ceangailteach ar na Stát-Pháirtithe atá tar éis glacadh leis, ar na Stát-Pháirtithe eile fós faoi cheangal fhorálacha an Choinbhinsiún seo agus aon leasuithe ar ghlac siad leo roimhe sin.

# Airteagal 51

1 Glacfaidh Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe le téacs aon agúis a dhéanann Stáit ag an am go bhfuil siad ag daingniú nó ag comhaontú leis an gCoinbhinsiún agus scaipfidh sé é ar gach Stát.

2 Ní cheadófar agús atá éaguibhreannach le haidhm agus le cuspóir an Choinbhinsiúin seo.

3 Is féidir agúis a aistharraingt ag aon am trí fhógra chuige sin a chur chuig Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a chuirfidh an t-eolas sin in iúl do na Stáit ar fad. Tiocfaidh an fógra sin i bhfeidhm an dáta a bhfaighidh an Rúnaí Ginearálta é.

# Airteagal 52

Is féidir le Stát-Páirtí an Coinbhinsiún seo a cháineadh trí fhógra i scríbhinn a chur chuig Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Beidh éifeacht leis an gcáineadh seo bliain amháin tar éis an dáta a bhfaigheann an Rúnaí Ginearálta an fógra.

# Airteagal 53

Tá Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe ceaptha mar earbach don Choinbhinsiún seo.

# Airteagal 54

Taiscfear an leagan bunaidh den Choinbhinsiún seo, a bhfuil comhúdarás ag na téacsanna Araibise, Sínise, Béarla, Fraincise, Rúisise agus Spáinnise, le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Á fhianú sin, tá an Coinbhinsiún seo sínithe ag na lánchumhachtaigh a bhfuil a n-ainm thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin ag a gcuid rialtas faoi seach.

